Samhain 2023

Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2024- 2026

Achoimre

Misean EUAA i gcomhthéacs

Cuirimid chun cinn cur chuige comhchuibhithe maidir le cosaint idirnáisiúnta lena n-urramaítear go hiomlán cearta bunúsacha an duine atá ag iarratasóirí tearmainn.

Lena chur ar bhealach níos nithiúla, déanaimid an méid seo a leanas:

- **comhar** praiticiúil agus **malartú** faisnéise maidir le tearmann agus glacadh a chomhordú agus a neartú i measc na mBallstát
- dlí an Aontais agus **ardchaighdeáin** oibríochtúla maidir le tearmann agus glacadh a chur chun cinn
- **cóineasú** a áirithiú ar fud an Aontais maidir le nósanna imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta, dálaí glactha agus measúnú ar riachtanais chosanta
- **faireachán** a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí agus chaighdeáin an Aontais
- cúnamh oibríochtúil agus teicniúil **a chur ar fáil do na Ballstáit**
- tacú leis na Ballstáit trí ghníomhaíochtaí **athlonnaithe** agus trí ghníomhaíochtaí **ligin isteach ar fhoras daonnúil**
- cúnamh a thabhairt do na Ballstáit maidir le **hoiliúint**
- **fothú acmhainneachta** a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta lasmuigh den Aontas Eorpach

Ó 2022 ar aghaidh, chomhaontaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa ár sainordú a neartú chun borradh a chur faoi na hionchais maidir le comhbheartas tearmainn san Eoraip.

Le glacadh an Chomhaontaithe Nua maidir le Tearmann agus Imirce, atá beartaithe in 2024, d'fhéadfadh athrú teacht ar ár gcúraimí arís. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí leis sin athbhreithniú ar ár bplean gníomhaíochta agus acmhainní, a ghlac ár mBord Bainistíochta i mí Mheán Fómhair 2023.

Plean gníomhaíochta 2024-2026

Baineadh arduithe stairiúla amach in 2022 ó thaobh líon na ndaoine easáitithe ar fud an domhain. Is deacair impleachtaí na dtreochtaí sin do mhór-roinn na hEorpa a mheas agus is suntasach go leor iad na dúshláin atá ag teacht chun cinn do Bhallstáit an Aontais agus do na dtíortha comhlachaithe (tíortha AE+) araon.

I gcomhthéacs tearmainn atá ag éirí níos dúshlánaí, leanfaimid de bhéim a leagan ar ábharthacht, ar sholúbthacht agus ar éifeachtúlacht ar fud ár n-oibríochtaí.

Chun mionsonraí a fháil faoinár gcuspóirí, faoi na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus faoi na hacmhainní a ghabhann leis don tréimhse 2024-2026, féach ar ár nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair ar líne.

Cúnamh oibríochtúil agus teicniúil

Cuideoidh catalóg d'idirghabhálacha oibríochtúla le comhairliúcháin leis na Ballstáit maidir leis an tacaíocht oibríochtúil dá gcórais tearmainn agus ghlactha.

Díreoimid ar ár gcumais mhearfhreagartha a neartú a thuilleadh, trí imscaradh feabhsaithe pearsanra, trealaimh, saoráidí agus díorma méadaitheach saineolaithe a thacaíonn le hoibríochtaí allamuigh sna Ballstáit.



Cuirfimid feabhas ar fhothú acmhainní trí thacaíocht níos fadtéarmaí a shaothrú nuair is féidir agus cuirfimid deireadh de réir a chéile le hoibríochtaí ina bhfuil laghdú tagtha ar an mbrú ar chórais náisiúnta tearmainn agus ghlactha.

Agus aghaidh á tabhairt againn ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar aon imeachtaí gan choinne, rachaimid i gcomhairle agus i gcomhar le gníomhaithe eile sa réimse chun comhlántacht a áirithiú agus chun ár mbreisluach a uasmhéadú.

Leanfar den tacaíocht do thíortha AE+ maidir le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil.

Grianghraf: Pearsanra EUAA in ionad glactha Pournara sa Chipir

Eolas tearmainn

Leanfaidh ár dtáirgí de chinnteoireacht thapa, chruinn agus chóineasaithe a chumasú ar fud thíortha AE+.

Déanfar **faisnéis** agus **treoir** maidir le príomhthíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí tearmainn a dhéanamh níos inrochtana, a leathnú agus a chur chun cinn chun cóineasú cinntí cosanta idirnáisiúnta a chothú.

Leanfaimid **d'anailísí** cáilíochtúla agus cainníochtúla a chur ar fáil maidir le tearmann agus glacadh, mar aon le tuarascálacha **luathrabhaidh** agus **feasacht staide** fíor-ama ar staid, agus nósanna imeachta agus cleachtais tearmainn a sheacadadh chun tacú leis an gcinnteoireacht sna Ballstáit. Déanfar rochtain ar ár bpunann anailíseach a fheabhsú a thuilleadh trí thairseacha idirlín agus trí bhunachair sonraí.

Leanfaimid de chomhar agus de mhalartú a éascú i measc cleachtóirí, na sochaí sibhialta agus comhaltaí cúirteanna agus binsí, ag díriú ar dhea-chleachtais agus ar réitigh, ag áirithiú rannpháirtíochta ar fud thíortha AE+ agus ag feabhsú inúsáidteacht ár n-uirlisí.

Tá sé mar aidhm againn ráta sástachta ard leanúnach a bhaint amach agus úsáid níos mó a bhaint as gach táirge eolais tearmainn i measc úsáideoirí.



Loighic idirghabhála na n-uirlisí agus na dtreoracha praiticiúla atá againn
(sliocht ón *Meastóireacht sheachtrach ar uirlisí praiticiúla agus ar threoir EUAA*)

Ó 2024 ar aghaidh, dar tús an chéad scéim phíolótach, déanfaimid faireachán ar chur i bhfeidhm an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ag Ballstáit aonair. Déanfar faireachán ar gach tír uair amháin ar a laghad i gceann cúig bliana. Cuirfimid aon easnamh nó aon ábhar imní in iúl agus molfaimid conas an cás a chur ina cheart.

Oiliúint agus forbairt ghairmiúil

Chun a chinntiú go dtuigeann daoine atá ag obair i réimse an tearmainn agus an ghlactha na hoibleagáidí, na caighdeáin agus na dea-chleachtais ábhartha agus gur féidir leo iad a chur i bhfeidhm, neartaímid níos mó agus níos mó oiliúint agus fothú acmhainneachta inár dtacaíocht d'údaráis náisiúnta.

Leanfaimid de riachtanais oiliúna a shainaithint agus pleananna oiliúna a chur chun feidhme mar chuid de phleananna oibríochtúla a shínítear le Ballstáit atá faoi bhrú díréireach. Leanfaimid freisin d'oiliúint a chur ar oifigigh agus d'acmhainneacht a fhorbairt lasmuigh den Eoraip. Tá an obair i dtríú tíortha comhpháirtíochta ailínithe lenár straitéis athnuaite um chomhar seachtrach.

Ar mhaithe le hoifigigh ó na Ballstáit uile, leanfaimid de **churaclam Eorpach tearmainn** na bpríomhábhar agus na scileanna praiticiúla maidir le glacadh agus tearmann a chomhdhlúthú. Ar na bacáin againn do 2024 tá idir aon cheann déag de mhodúil agus d'ábhair oiliúna nua nó athbhreithnithe.

Cuspóirí ár straitéise oiliúna agus foghlama 2022



Cé go ndeartar modúil i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus go ndírítear ar riachtanais shainaitheanta iontu, is tosaíocht i gcónaí é iad a chomhtháthú i gcláir oiliúna náisiúnta.

Oibreoimid lena chinntiú go mbainfidh formhór na dtíortha AE+ úsáid as modúil churaclaim chun oifigigh náisiúnta a oiliúint.

Ar mhaithe le for-rochtain níos fearr agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe na hidirghabhála oiliúna, oibreoimid chun líon na **n-oiliúnóirí** cáilithe sna riaracháin náisiúnta a mhéadú.

Chun forbairt ghairmiúil a spreagadh, oibreoimid chun **Acadamh EUAA** a bhunú mar sholáthraí ardoideachais creidiúnaithe a bhronnfaidh cáilíochtaí a aithnítear san Aontas agus níos faide i gcéin.

Grianghraf: Seisiún EUAA oiliúint na n-oiliúnóirí, Málta, 2023

Thairis sin, leanfaimid ar aghaidh le feabhas a chur ar eispéireas oiliúna agus foghlama ár gcliant trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus trí chuir chuige theagaisc a chomhtháthú. Treorófar é seo trí mhonatóireacht a dhéanamh ar threochtaí margaidh agus ar aiseolas ónár n-úsáideoirí.

Gníomhaíochtaí cothrománacha

Is príomhfhócas é i gcónaí cur ar fáil ceart na n-acmhainní le haghaidh na dtascanna go léir a chuirtear de chúram orainn. Chuige sin, féachfaimid lena chinntiú go mbainfear úsáid níos éifeachtúla agus **níos inbhuanaithe as acmhainní**. Leagfar béim ar uathoibriú feabhsaithe, ar leithdháileadh nó ar ath-leithdháileadh pearsanra agus ar chomhar le geallsealbhóirí chun tacaíocht a sholáthar san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Is tosaíochtaí i gcónaí iad **cumarsáid** réamhghníomhach agus rannchuidiú le díospóireacht fhíorasach chuiditheach maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip.

Trí Fhóram Comhchomhairleach neartaithe, leanfaimid de bheith i dteagmháil le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus le gníomhaithe eile i réimse an tearmainn agus an ghlactha.

Oibreoimid lena chinntiú go n-urramóidh ár ngníomhaíochtaí uile atá dírithe ar iarratasóirí tearmainn, go díreach nó ar shlí eile, a **gcearta bunúsacha**. Déanfaidh ár n-oifigeach um chearta bunúsacha a bunaíodh le déanaí é sin a mheasúnú go neamhspleách agus déanfaidh sé obair leantach leis na Ballstáit agus go hinmheánach maidir le haon ghearáin a fhaighfear ina leith sin.